Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11138/26**

**ECOFIN 928**
**UEM 332**
**SOC 457**
**EMPL 259**
**COMPET 872**
**ENV 848**
**EDUC 314**
**ENER 470**
**JAI 908**
**GENDER 145**
**JEUN 188**
**SAN 546**
***EIB***
***ECB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Fionlainne |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréacht-Mholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle agus mar a chuir an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais bailchríoch air, bunaithe ar thogra COM (2026) 226 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Fionlainne**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

1 Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar na nithe atá i gceist leis an Seimeastar Eorpach, tá foirmiú na moltaí tírshonracha, agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin, go háirithe.

(2) An 25 Samhain 2025 ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na Fionlainne 2026. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár sainaithníodh inti go bhfuil an Fhionlainn ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina teannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[2] an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

(3) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Ó foilsíodh é, tá an Compás Iomaíochais ina bhonn eolais d'obair an tSeimeastair Eorpaigh, agus áirítear leis go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Aontais, rud fhágann go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

---

[2] IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.

(4) In 2026, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[3]. Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun agus tógáil orthu, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(5) An 3 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 maidir leis an bhFionlainn. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an bhFionlainn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 2025 agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an bhFionlainn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Fionlainne ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna, laghdú na bochtaineachta agus laghdú an eisiata shóisialta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

(6) An 20 Eanáir 2026, ghlac an Chomhairle Moladh faoi Airteagal 126(7) CFAE d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh san Fhionlainn[4]. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 1,3 % in 2026, 1,5 % in 2027 agus 1,8 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2024, mar atá 2,5 % in 2026, 4,1 % in 2027 agus 5,9 % in 2028. An chonair cheartaitheach ghlanchaiteachais a leagtar amach sa Mholadh sin, tagann sí in ionad na n-uasrátaí fáis glanchaiteachais le haghaidh 2026 ar aghaidh a bunaíodh leis an Moladh an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na Fionlainne[5][6]. Mar sin féin, na huasrátaí fáis glanchaiteachais a socraíodh ann le haghaidh na bliana 2025, a chomhfhreagair do 1,6 % go bliantúil agus 5,3 % go carnach faoi threoir na bonnbhliana 2023, tá siad fós ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh go dtí 2025 agus an bhliain sin san áireamh. Ar bhonn an mheasúnaithe ón gCoimisiún ar ghníomhaíocht éifeachtach an 3 Meitheamh 2026[7], tá an nós imeachta um easnamh iomarcach don Fhionlainn ar stad.

---

4 Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena gceadaítear don Fhionlainn imeacht ón uasráta fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú), (IO C, C/2025/3966, 20.8.2025, ELI: http://eur-lex.europa.eu/eli/C/2025/3966/oj).

5 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Fionlainne (IO C, C/2025/656, 10.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/656/oj).

6 Tá feidhm fós ag pointe 2 agus Iarscríbhinn II ('Sraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin go 7 mbliana') de Mholadh an 21 Eanáir 2025.

7 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, Seimeastar Eorpach 2026 – Pacáiste an Earraigh, COM(2026) 200 final.

(7) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach[8] agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Tar éis iarraidh a fháil ón bhFionlainn, an 8 Iúil 2025, agus ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena gceadaítear don Fhionlainn imeacht ó uasrátaí fáis molta an ghlanchaiteachais[9]. Le linn na tréimhse ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028), beidh an Fhionlainn in ann tosaíocht a thabhairt an athuair do chaiteachas rialtais nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma i ngeall ar chaiteachas níos airde go marthanach ar an gcosaint.

(8) An 30 Aibreán 2026, chuir an Fhionlainn a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn do 2026[10] isteach, tuarascáil maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh, maidir le cur chun feidhme na sraithe athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. Tá an tuarascáil ar ghníomhaíocht a rinneadh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach comhtháite sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn.

---

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, 19.3.2025, C(2025) 2000 final.

9 Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena gceadaítear don Fhionlainn imeacht ón uasráta fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú), (IO C, C/2025/3966, 20.8.2025, ELI: http://eur-lex.europa.eu/eli/C/2025/3966/oj).

10 Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en.

(9) In 2025, ba é 0,2 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 1,8 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 0,8 % in 2026 agus go bhfásfaidh sé faoi 1,4 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 2,4 % ann in 2026 agus 1,9 % in 2027.

(10) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[11], tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na Fionlainne ó easnamh 4,4 % de OTI in 2024 go heasnamh 3,4 % de OTI in 2025. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an easnamh in 2025 tionchar na mbeart méadaithe ioncaim amhail an méadú ar an ráta CBL a cuireadh chun feidhme ag deireadh 2024, agus fás measartha caiteachais. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún easnamh 4,5 % de OTI in 2026 agus 4,6 % de OTI in 2027. Den chuid is mó, léiríonn an méadú in 2026 infheistíocht rialtais níos airde a bhaineann le seachadadh aerárthaí troda F-35, a cuireadh siar go páirteach ó 2025, agus íocaíochtaí úis níos airde.

(11) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[12], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid chrapthach ann in 2025, faoi 1,5 % de OTI. Réamh-mheastar go mbeidh sí forleathnaitheach, faoi 0,7 % de OTI, in 2026 agus go mbeidh sí neodrach den chuid is mó in 2027.

---

11 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2026.

12 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

(12) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[13], tháinig méadú ar fhiachas rialtais ghinearálta na Fionlainne ó 82,4 % de OTI ag deireadh 2024 go 88,5 % de OTI ag deireadh 2025. Den chuid is mó léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais in 2025 easnamh rialtais leanúnach agus coigeartú mór dearfach sreabhaidh i leith stoic, agus fás measartha OTI ainmniúil. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go méadóidh an cóimheas fiachais-OTI go 91,2 % faoi dheireadh 2026 agus go méadóidh sé a thuilleadh go 93,1 % faoi dheireadh 2027. Den chuid is mó, léiríonn an méadú in 2026 easnamh rialtais níos airde, rud nach ndéantar a fhritháireamh ach go páirteach le fás OTI ainmniúil níos tapúla, agus tá ról imeallach ag an gcoigeartú sreabhaidh i leith stoic.

(13) Ar bhonn sonraí ó Eurostat[14], 1,7 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta na Fionlainne ar an gcosaint in 2025, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 0,5 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid leis an mbliain thagartha 2021. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh sé ag 2,6 % de OTI in 2026, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 1,4 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021[15].

---

13 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2026.

14 Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

15 Tá sainmhíniú ECAT ar chaiteachas cosanta éagsúil leis an sainmhíniú atá ag COFOG ar chosaint. Thairis sin, d’fhéadfadh difríochtaí a bheith ann i ngeall ar am taifeadta an chaiteachais, go háirithe maidir le trealamh míleata, ós rud é nach leanann tuairisciú ECAT rialacha na gcuntas náisiúnta maidir le ham an taifeadta.

(14) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, níl bearta beartais fhioscaigh nua glactha ag an bhFionlainn chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú[16].

(15) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, thit an glanchaiteachas san Fhionlainn faoi 0,7 % in 2025 agus tháinig méadú carnach 2,6 % air in 2024 agus 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 faoi bhun an uasráta fáis a mhol an Chomhairle i mí Eanáir 2025. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais faoi bhun an uasráta fáis a moladh freisin.

(16) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas san Fhionlainn faoi 4,1 % in 2026 agus gur fás carnach 3,3 % a bheidh ann in 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 os cionn an uasráta fáis a mhol an Chomhairle i mí Eanáir 2026, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 1,5 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, tá ráta réamh-mheasta fáis carnach an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholadh freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,5 % de OTI i dtéarmaí carnacha. Mar sin féin, tá an diall réamh-mheasta laistigh de sholúbthacht an chlásail éalaithe náisiúnta bunaithe ar réamh-mheastacháin reatha maidir le caiteachas cosanta.

16 Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

(17) Leis an moladh lena bhformhuinítear plean meántéarmach na Fionlainne, sonraítear an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, mar aon le hamlíne chun iad a chur chun feidhme. Agus an fhaisnéis a chuir an Fhionlainn ar fáil ina Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn á cur san áireamh, measann an Coimisiún gur cosúil go bhfuil cur chun feidhme phríomhchéimeanna na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a bhí dlite faoin 30 Aibreán 2026 ar an mbóthar ceart den chuid is mó.. A mhéid a bhaineann le heasnaimh na gcontaetha seirbhísí folláine a cheartú, cé gur mhaolaigh fás caiteachais, meastar go bhfuil easnaimh charntha roinnt contaetha rómhór lena gceartú faoi dheireadh 2026 gan soláthar seirbhíse a chur i mbaol. Dá bhrí sin, chuir an rialtas togra i láthair chun síneadh a chur leis an sprioc-am go dtí deireadh 2029 le haghaidh na réigiúin sin a bhfuil pleananna inchreidte acu chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh. Measann an Coimisiún gur chomhlíon an Fhionlainn a gealltanais ar bhealach sásúil ar an iomlán[17]. Tá dúshláin leanúnacha roimh an bhFionlainn maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach. In 2025, shroich an t-easnamh rialtais ghinearálta 3,4 % de OTI agus d'ardaigh an fiachas rialtais go 88,5 % de OTI.

[17] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, Seimeastar Eorpach 2026 – Pacáiste an Earraigh, COM(2026) 200 final.

Cé gur ghlac an rialtas bearta suntasacha comhdhlúthaithe in 2023 agus 2024 agus go n-áirítear bearta breise i mbuiséad 2026, ní mheastar go gcobhsóidh an fiachas poiblí gan idirghabhálacha breise. Bhí an caiteachas poiblí, ag 57,7 % de OTI, fós ar an gcaiteachas is airde san Aontas in 2024. Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí chun spás fioscach a fháil ar ais, chun spás a chaomhnú don infheistíocht phoiblí is gá agus chun aghaidh a thabhairt ar bhrúnna caiteachais a bhaineann le haosú an daonra. Is féidir le hathbhreithnithe caiteachais cuidiú le bealaí a shainaithint chun éifeachtacht an chaiteachais phoiblí a mhéadú. Meastar go gcríochnófar na hathbhreithnithe caiteachais spriocdhírithe bliantúla den chéad uair in 2026, agus tá athbhreithniú cuimsitheach nua beartaithe roimh thoghcháin 2027. Bhainfeadh an Fhionlainn tairbhe as an gcleachtas a choinneáil ar bun maidir le hathbhreithnithe caiteachais rialta agus mionsonraithe a dhéanamh le moltaí soiléire agus inghníomhaithe iontu, agus as na torthaí iontu a chur san áireamh go córasach i bpróiseas an bhuiséid. Tá sé sin ábhartha go háirithe maidir leis an gcóras cosanta sóisialta, a raibh an caiteachas ina leith ag 26 % de OTI in 2024, i bhfad os cionn mheán an Aontais de 19 % de OTI. Tá córas cosanta sóisialta na Fionlainne cuimsitheach ach casta agus d’fhéadfadh sé glacadh le hobair a dhídhreasú. Ó bhí 2023 ann, glacadh roinnt athchóirithe chun éifeachtúlacht an chórais a shimpliú agus a fheabhsú agus chun dreasachtaí chun oibre a neartú, lena n-áirítear seoladh an tsochair ghinearálta slándála sóisialta agus an athchóirithe chuimsithigh ar chúnamh sóisialta, agus tiocfaidh an dá cheann i bhfeidhm in 2026. Cé go meastar go gcuirfidh an dá athchóiriú sin feabhas ar éifeachtúlacht agus ar dhreasachtaí chun oibre, níl aon chinnteacht ann fós faoin tionchar a bheidh acu ar inbhuanaitheacht fhioscach. An tráth céanna, tá méadú tagtha ar bhaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta, agus léirítear le measúnuithe tionchair gur cosúil go ndearna athchóirithe a rinneadh le déanaí difear níos mó do ghrúpaí leochaileacha ná mar a raibh coinne leis. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais grúpaí leochaileacha agus éifeachtúlacht caiteachais a fheabhsú an tráth céanna.

(18) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá sí sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(19) San Fhionlainn, tá cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, ina gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), os cionn mheán an Aontais i gcás íocaíochtaí ach tá an ráta i gcás roghnú tionscadal fós faoi bhun mheán an Aontais. Tá sé tábhachtach an dlús atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun agus cur i gcrích tapa infheistíochtaí a áirithiú, agus tionchar na n-infheistíochtaí ar an láthair a uasmhéadú an tráth céanna. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin an Fhionlainn ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais comhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a sainaithníodh sa Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma[18], tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a imscaradh go tapa agus go héifeachtach.

[18] Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

(20) Agus í ina Ballstát ar theorainn sheachtrach thoir an Aontais, tá brú caiteachais ar an bhFionlainn a bhaineann le cosaint agus athléimneacht in aghaidh bagairtí hibrideacha chomh maith le dúshláin shonracha a bhfuil tionchar acu ar dhinimic na forbartha eacnamaíche agus sóisialta.

(21) Tá roinnt dúshlán roimh an bhFionlainn a bhaineann le hiomaíochas, dícharbónú, fostaíocht, agus cur chun feidhme an athchóirithe ar sheirbhísí sóisialta agus cúraim sláinte.

(22) Tá an Fhionlainn ar cheann de na gníomhaithe nuálaíochta is láidre san Aontas, le tacaíocht ó dhaonra ardoilte, líon mór speisialtóirí TFC, úsáid fhorleathan teicneolaíochtaí digiteacha ag gnólachtaí, comhar láidir idirnáisiúnta taighde, gníomhaíocht caipitil fiontair agus éiceachóras dinimiciúil gnólachtaí nuathionscanta, go háirithe sa teicneolaíocht dhomhain. Tá méadú leanúnach ann ar chaiteachas ar T&F i dtreo na sprice náisiúnta de 4 % de OTI faoi 2030. Mar sin féin, ní raibh fás táirgiúlachta níos láidre mar thoradh ar an bhfeidhmíocht nuálaíochta láidir sin, fás atá fós lag ó tháinig meath na hearnála leictreonaice go luath sna 2010idí. Chun go gcuirfidh an nuálaíocht ar bhealach níos éifeachtaí leis an bhfás, ní mór torthaí taighde a thráchtálú agus a scaipeadh ar bhonn níos forleithne ar fud an gheilleagair. Is bealach tábhachtach é an comhar idir gnólachtaí agus an saol acadúil chun an nuálaíocht a thráchtálú. San Fhionlainn, tá laghdú tagtha le himeacht ama ar an gcomhar idir gnólachtaí atá gníomhach ó thaobh na nuálaíochta de agus ollscoileanna agus institiúidí taighde, agus níl aon bhorradh faoi chistiú gnó do T&F ardoideachais. Bíonn deacrachtaí ag FBManna go háirithe maidir le comhoibriú le hollscoileanna agus le heagraíochtaí taighde agus le rochtain a fháil ar ionstraimí cistiúcháin ábhartha. Tá laghdú tagtha freisin ar an tacaíocht a thugtar do ghníomhaíochtaí nuálaíochta seachas T&F, rud a d’fhéadfadh bac a chur ar ghlacadh na nuálaíochta sa mhargadh. Cé go bhfuil méadú tagtha ar chistiú breise le haghaidh comhar idir cuideachtaí agus eagraíochtaí taighde, dá gcuirfí dlús breise le comhthionscadail idir an tionscal agus an ollscoil, chuideofaí le haistriú eolais a neartú. Chun feabhas a chur ar thráchtálú na nuálaíochta, tá gá freisin le scileanna fiontraíochta níos láidre agus le tacaíocht do thaighdeoirí. Cé go bhfuil an t-oideachas fiontraíochta tugtha isteach ag an bhFionlainn ar leibhéil éagsúla, níl aon straitéis chuimsitheach ann fós chun cumais fiontraíochta taighdeoirí a neartú. Ar an iomlán, agus urraim á tabhairt don spás fioscach teoranta, bhainfeadh an Fhionlainn tairbhe as dálaí fabhracha a choinneáil ar bun chun go mbeadh rath ar éiceachórais T&F, trí úsáid straitéiseach straitéisí nuálaíochta réigiúnacha agus áitiúla a áirithiú freisin.

(23) Tá éiceachóras dinimiciúil gnólachtaí nuathionscanta ag an bhFionlainn. Cé go bhfuil infheistíocht caipitil fiontair in aghaidh OTI os cionn mheán an Aontais, is dúshlán leanúnach fós é an t-uas-scálú toisc gur minic cistí intíre a bheith róbheag chun babhtaí cistiúcháin ag céim níos déanaí a stiúradh, nó chun comhinfheistíocht a dhéanamh iontu. Tá iasachtú bainc ar fáil go forleathan, ach ní hé sin an ionstraim cheart chun leathnú gnólachtaí nuathionscanta a mhaoiniú. Mar thoradh air sin, d’fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí ag gnólachtaí nuálacha – go háirithe iad siúd in earnálacha atá dian ar chaipiteal – maoiniú fáis a fháil agus d’fhéadfaidís athlonnú thar lear nó cistiú a lorg i margaí eachtracha. Tá rochtain ar mhaoiniú leordhóthanach go ginearálta agus, i measc bearta eile, chuidigh athbhreithniú straitéise a rinneadh le déanaí ar an gcuideachta infheistíochta faoi úinéireacht stáit TESI le haghaidh a thabhairt ar bhearnaí i gcistiú mórscála, ach mar sin féin, tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun sreafaí caipitil leordhóthanacha chuig gnólachtaí ardnuálaíochta a áirithiú. Dá leathnófaí an rochtain ar mhaoiniú do ghnólachtaí atá i mbun fáis, thacófaí le fás láidir, le scaipeadh na nuálaíochta agus le cruthú post agus chuirfí borradh faoi mhéadú táirgiúlachta comhiomlán. D’fhéadfaí a áireamh ar na beartais sin (i) rannpháirtíocht infheisteoirí miondíola i margaí fáis a leathnú, amhail trí tharraingteacht agus solúbthacht chuntais coigiltis cothromais OST a fheabhsú chun coigilteas teaghlaigh a dhíriú i dtreo cuideachtaí ardfháis; (ii) nósanna imeachta infheistíochta trasteorann d’infheisteoirí a chuíchóiriú; (iii) dreasachtaí cánach spriocdhírithe a thabhairt isteach le haghaidh infheistíochtaí i ngnólachtaí atá i mbun fáis agus i gcuideachtaí ardfháis trí athchóiriú a dhéanamh ar an gcaoi a gcaitear le caipiteal fiontair ó thaobh cánach de; agus (iv) athchóiriú a dhéanamh ar chánachas díbhinní ó chuideachtaí neamhliostaithe.

(24) Is geilleagar beag oscailte í an Fhionlainn a bhfuil dúshláin slándála eacnamaíche roimpi, go háirithe mar gheall ar a spleáchas ar shlabhraí luacha domhanda. Maidir lena sreafaí eacnamaíocha criticiúla a dhaingniú, tá sé tábhachtach don Fhionlainn leanúint dá cumais a fhorbairt chun suaití a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc, freagairt dóibh agus oiriúnú dóibh, lena n-áirítear gnéithe cibearshlándála agus hibrideacha agus an bonneagar criticiúil atá ríthábhachtach don gheilleagar. Thuairiscigh sciar ard fiontar san Fhionlainn teagmhais slándála TFC a raibh iarmhairtí acu. Thairis sin, an tsraith teagmhas a rinne difear do bhonneagar criticiúil fomhuirí i Réigiún Mhuir Bhailt, is léiriú í ar leochaileacht an bhonneagair chriticiúil chun sonraí, gás agus leictreachas a iompar. Bheadh sé chun tairbhe na Fionlainne tacaíocht a thabhairt do shlabhraí luacha straitéiseacha agus do shreafaí eacnamaíocha trí bhearta amhail bonneagar criticiúil a chosaint agus cibearshlándáil cheannródaíoch a chaomhnú.

(25) Tá reachtaíocht glactha ag an bhFionlainn maidir lena sprioc chun neodracht charbóin a bhaint amach faoi 2035. Chun an sprioc a bhaint amach, ní mór dlús a chur leis an dul chun cinn maidir le glanastaíochtaí carbóin a laghdú. Ghníomhaigh an Fhionlainn go cinntitheach chun astaíochtaí ó tháirgeadh fuinnimh a laghdú, agus rinneadh infheistíocht mhór chun dlús a chur le dícharbónú na tionsclaíochta.

(26) Ní hamháin go bhfuil iarrachtaí leanúnacha i dtreo dhícharbónú na tionsclaíochta tábhachtach chun astaíochtaí a laghdú, ach tá siad tábhachtach mar fhoinse iomaíochais freisin. Tá forbairt thionsclaíoch ghlan i gcroílár shamhail ghnó na Fionlainne amach anseo. Tá na praghsanna leictreachais is ísle san Aontas ag an bhFionlainn, rud a thugann buntáiste suntasach do thionscail atá tar éis úsáid breoslaí iontaise a ionadú cheana féin. Tá dlúthbhaint aige sin le hinfheistíocht mhéadaithe i dteicneolaíochtaí glasa agus sa gheilleagar ciorclach. Cé go bhfuil an Fhionlainn ar thús cadhnaíochta i bhforbairt teicneolaíochtaí glana amhail cumhacht ghaoithe ar talamh, córais fuinnimh inbhuanaithe, bonneagar ceallraí agus hidrigin ghlas, tá gá le tuilleadh infheistíochta chun na teicneolaíochtaí sin a fhorbairt ina n-earnálacha indíolta a thacóidh le geilleagar na Fionlainne amach anseo. Chun an spleáchas ar allmhairiú príomhábhar agus ionchur tionsclaíoch a laghdú, ní mór don Fhionlainn feabhas a chur ar a ráta úsáide ábhair chiorclaigh agus ar a táirgiúlacht acmhainní, atá fós i measc na rátaí is ísle san Aontas. Beidh sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh scileanna glasa ar fáil chun tacú le haistriú glas na tionsclaíochta.

(27) Tá ról ríthábhachtach ag an earnáil iompair maidir le spriocanna aeráide na Fionlainne a bhaint amach, i bhfianaise na hacmhainneachta suntasaí atá aici tuilleadh laghduithe a dhéanamh ar astaíochtaí. Chun spriocanna 2030 na Fionlainne maidir le dícharbónú an iompair a bhaint amach, ní mór dlús a chur leis an infheistíocht i réimsí lena n-áirítear leictriú feithiclí príobháideacha agus soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha, naisc iompair phoiblí chun spleáchas ar charranna a laghdú, agus iompar cianaistir a dhícharbónú, chomh maith le hathchóirithe chun an t-aistriú sin a dhreasú a thuilleadh. Is féidir le bearta den sórt sin buntáiste iomaíoch a thabhairt don Fhionlainn agus, an tráth céanna, tacú le dícharbónú na hearnála ar bhealach atá cothrom agus cuimsitheach go sóisialta.

(28) Le brúnna méadaithe ar fhoraoisí agus astaíochtaí ó thailte portaigh draenáilte, cuirtear le creimeadh na linne carbóin. Bhí foraoisí na Fionlainne ina linn charbóin mhór riamh ach tá laghdú suntasach tagtha ar na linnte de bharr forbairtí a rinneadh le déanaí. Moladh bearta chun fás foraoisí a mhéadú agus chun athléimneacht foraoisí a neartú. Tá raon feidhme na mbeart sin teoranta, áfach, agus meastar go dtógfaidh sé tamall sula bhfeicfear an tionchar a bheidh acu. Tá gá le fás agus athléimneacht foraoise chun a áirithiú go bhfeabhsófar linnte nádúrtha sa mheántéarma agus san fhadtéarma chun go mbeidh siad comhoiriúnach do sprioc neodrachta carbóin na Fionlainne a bhaint amach. Chomh maith le buaint, tá laghdú tagtha freisin ar rátaí fáis foraoise mar thoradh ar aois foraoise agus ar chúiseanna a bhaineann leis an athrú aeráide, lena n-áirítear triomaigh agus teochtaí níos airde ná riamh. Thairis sin, is í an bhearna idir glan-aistrithe atá beartaithe agus sprioc úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (ÚTAÚTF) na Fionlainne do 2030 an dara heasnamh réamh-mheasta is mó i measc Bhallstáit an Aontais, ach áirítear éiginnteacht mhór sna réamh-mheastacháin. Chun feabhas a chur ar an linn charbóin, tá gá le cleachtais neartaithe maidir le bainistiú inbhuanaithe talún agus infheistíochtaí treisithe maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide. Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta cinntithí chun an linn charbóin a neartú agus chun gur féidir sprioc neodrachta carbóin na Fionlainne a bhaint amach i gcónaí.

(29) Tháinig méadú ar an ráta dífhostaíochta go 9,7 % in 2025, i bpáirt mar gheall ar rannpháirtíocht mhéadaithe sa lucht saothair, agus thit an ráta fostaíochta go 76,3 %. D'ardaigh an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí go 2,4 % in 2025, ráta a bhí níos mó ná meán an Aontais. Shroich an ráta dífhostaíochta i measc na hóige 21,8 % in 2025, ráta atá i bhfad os cionn mheán an Aontais, agus d'ardaigh céatadán na ndaoine óga nach bhfuil fostaithe ná in oideachas agus oiliúint go 11,0 %. Tá roinnt beart tugtha isteach ag an bhFionlainn chun an lucht saothair a ghníomhachtú, lena n-áirítear an córas slándála sóisialta a athchóiriú agus limistéir fostaíochta bhardasacha a bhunú. Mar sin féin, léiríonn staidreamh náisiúnta go bhfuil laghdú tagtha ar rannpháirtíocht i mbeartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair ó bhí 2022 ann[19]. Bíonn ar bhardais aghaidh a thabhairt ar chostais arda ó íocaíochtaí sochair dífhostaíochta chomh maith le seirbhísí poiblí fostaíochta a sholáthar, agus tá an t-éileamh ar an dá cheann thar a bheith ard le linn an tsleabhctha thimthriallaigh. Dá ndéanfaí iarrachtaí chun feabhas a chur ar spriocdhíriú beartas gníomhach maidir leis an margadh saothair ar ghrúpaí a bhfuil gá níos mó acu le seirbhísí, amhail daoine óga agus daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, chuideofaí le héifeachtúlacht caiteachais a fheabhsú agus thacófaí níos fearr le haistrithe chun fostaíochta i staid eisceachtúil an mhargaidh saothair.

(30) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimsí na scileanna, an oideachais agus na hoiliúna, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig an bhFionlainn in 2026, d'fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

[19] D'fhéadfaí rómheastachán a dhéanamh ar an titim ar an ráta rannpháirtíochta, ós rud é nach ndéantar faireachán agus meastóireacht ar bhonn náisiúnta ach ar sheirbhísí fostaíochta reachtúla. Soláthraíonn bardais seirbhísí neamhreachtúla freisin nach ndéantar faireachán orthu go náisiúnta.

(31) Dá neartófaí soláthar oibrithe oilte, lena n-áirítear trí oideachas foirmiúil agus uas-sciliú agus athsciliú daoine fásta, rachadh sé chun tairbhe do tháirgiúlacht, iomaíochas agus fás eacnamaíoch na Fionlainne. In 2025 thit an ráta gnóthachtála oideachais threasaigh san Fhionlainn go 38,2 %, faoi bhun mheán 44,8 % an Aontais, agus i bhfad faoi bhun uaillmhian na Fionlainne 50 % a bhaint amach faoi 2030. An tráth céanna, an ráta dífhostaíochta i measc daoine a bhfuil oideachas meánscoile íochtaraí nó níos lú acu, shroich sé 22,9 %, rud a léiríonn gur bacainn mhór ar an bhfostaíocht iad ganntanais scileanna. D'ainneoin rátaí arda clárúcháin san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic, tá ganntanais lucht saothair fós ag teacht chun cinn i roinnt gairmeacha ardoilte. Tá sé ríthábhachtach an soláthar ardoideachais atá ailínithe go dlúth le héileamh mhargadh an tsaothair a leathnú agus líon na gcéimithe treasacha a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna san fhadtéarma.

(32) Leis an athchóiriú ar na seirbhísí sóisialta agus seirbhísí cúraim sláinte, lenar tugadh isteach an córas nua seachadta seirbhísí ag tús 2023, cuireadh moill ar an bhfás ar chostais agus cuireadh feabhas ar an rochtain chothrom ar sheirbhísí cúraim sláinte phríomhúil. Mar sin féin, tá éagothromaíochtaí fós ann maidir le hinbhuanaitheacht airgeadais agus soláthar seirbhísí idir contaetha seirbhísí folláine. Tá rátaí riachtanas leighis féintuairiscithe nach ndéantar freastal orthu, tá siad fós i measc na rátaí is airde san Aontas. An tráth céanna, is dúshlán é an daonra atá ag dul in aois d'athléimneacht agus d'inbhuanaitheacht fhioscach earnáil shóisialta agus cúraim sláinte na Fionlainne, lena n-áirítear an córas cúraim do dhaoine scothaosta. Trí stiúradh na seirbhísí sóisialta agus cúraim sláinte agus na samhla cistiúcháin do na contaetha seirbhísí folláine a neartú, mar aon leis na córais TF éagsúla a chomhtháthú agus sonraí agus IS a ghiaráil, d'fhéadfaí tacú le hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais nach bhfuiltear ag freastal orthu, éagothromaíochtaí a laghdú agus na neamhéifeachtúlachtaí sa chóras soláthair seirbhísí a laghdú a thuilleadh. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, thacófaí freisin leis an gcóineasú sóisialta aníos, i gcomhréir le hanailís tíre dara céim de sheirbhísí an Choimisiúin ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta[20].

---

[20] SWD(2026)122 – Anailís tíre dara céim ar chóineasú sóisialta i gcomhréir leis an gCreat um Chóineasú Sóisialta (SCF), 2026.

(33) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2026 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Fionlainne, cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh, an tríú moladh agus an chúigiú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (2) le cur chun feidhme an cheathrú moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, cuidíonn moltaí (3) agus (4) le cur chun feidhme an seachtú moladh maidir leis an limistéar euro, agus cuidíonn moladh (5) le cur chun feidhme an chúigiú moladh maidir leis an limistéar euro.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Fhionlainn in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Cloí le huasrátaí fáis an ghlanchaiteachais a mhol an Chomhairle an 20 Eanáir 2026, d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach, agus úsáid á baint as an tsolúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta arna ghníomhachtú ag an gComhairle. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus inbhuanaitheacht fiachais agus éifeachtúlacht caiteachais á n-áirithiú ag an am céanna, chomh maith leis an mbuiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir. A áirithiú gur beart sealadach a bheidh sna bearta a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a eascraíonn as an ngéarchéim a mhaolú, agus gur beart é atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais. Leanúint den tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca leis an tréimhse choigeartúcháin fhadaithe a chur chun feidhme, mar a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025. Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí trí athbhreithnithe rialta mionsonraithe a dhéanamh ar chaiteachas ina sainaitheofar bearta nithiúla a bheidh le cur san áireamh i bpróiseas an bhuiséid, lena n-áirítear athbhreithnithe ar an gcóras slándála sóisialta chun tacú le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí, agus aghaidh á tabhairt an tráth céanna ar riachtanais grúpaí leochaileacha.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. An dlús cur chun feidhme a choinneáil ar bun faoi chláir an bheartais comhtháthaithe, ag tógáil, i gcás inarb iomchuí, ar an ath-leithdháileadh ar thosaíochtaí straitéiseacha a comhaontaíodh i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma agus na solúbthachtaí a chuirtear ar fáil sa chreat beartais comhtháthaithe. Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uathúla shocheacnamaíocha, slándála agus ullmhachta sibhialta a dhéanann difear go háirithe do réigiúin ar theorainn sheachtrach thoir an Aontais, lena n-áirítear an gá atá le hinfheistíocht a dhéanamh i mbonneagar dé-úsáide.

3. Tacú le héiceachóras T&F agus tráchtálú na nuálaíochta a fheabhsú trí (i) dlús a chur leis an gcomhar idir gnólachtaí agus an saol acadúil trí thionscadail chomhpháirteacha idir an tionscal agus an ollscoil, agus (ii) feabhas a chur ar scileanna fiontraíochta agus ar thacaíocht do thaighdeoirí. Rochtain ar mhaoiniú uas-scálaithe le haghaidh ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí ardfháis a leathnú agus an t-éiceachóras maoinithe cothromais a neartú. An tslándáil eacnamaíoch a neartú, lena n-áirítear i mbonneagar criticiúil agus sa chibearshlándáil.

4. Astaíochtaí carbóin a laghdú trí bhorradh a chur faoin infheistíocht phoiblí agus phríobháideach i ndícharbónú na tionsclaíochta agus an iompair (lena n-áirítear trí leictriú), i dteicneolaíochtaí glana agus i réitigh an gheilleagair chiorclaigh agus trí úsáid inbhuanaithe acmhainní talún agus foraoise a neartú.

5. Feabhas a chur ar spriocdhíriú beartas gníomhach maidir leis an margadh saothair. Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais agus neamhréireanna scileanna tríd an lucht saothair a athsciliú agus a uas-sciliú agus tríd sholáthar ardoideachais níos leithne le haghaidh na scileanna is mó a bhfuil gá leo i margadh an tsaothair. Leanúint d'fheabhas a chur ar éifeachtúlacht na seirbhísí sóisialta agus na seirbhísí cúraim sláinte agus iarrachtaí á saothrú an tráth céanna chun rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú, lena n-áirítear cúram do dhaoine scothaosta.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*